Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

## Spáinnis

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT

# GNÁTHLEIBHÉAL

# SPÁINNIS
# 2015

# SCÉIM MHARCÁLA

| GRÁDÚ | |
|---|---|
| A: | 272 - 320 |
| B: | 224 - 271 |
| C: | 176 - 223 |
| D: | 128 - 175 |
| E: | 80 - 127 |
| F: | 32 - 79 |
| N.G.: | 0 - 31 |

**Socruithe Réasúnta: Tabhair ar aird le do thoil na leasuithe ar an Scéim Mharcála i Roinn B, Ceist 2 (a) agus (b), inar deonaíodh tarscaoileadh ar dhaltaí maidir le litriú nó inar deonaíodh agus baineadh úsáid as téipthaifeadán, scríobhaí nó as ríomhaire atá cumasaithe i dtaobh litriú de.**

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***

Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.

Léiríonn **dais –** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Taispeánann **lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh as freagraí áirithe ar an gceist sin.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Ní mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.*

**Freagairt trí Ghaeilge: Bónas**

Gnáthráta: 5% den Iomlán

| Marc | Bónas | Marc | Bónas | Marc | Bónas |
|---|---|---|---|---|---|
| 241-246 | 11 | 274 - 280 | 6 | 307 – 313 | 1 |
| 247 - 253 | 10 | 281 - 286 | 5 | 314 – 320 | 0 |
| 254 - 260 | 9 | 287 - 293 | 4 | | |
| 261 - 266 | 8 | 294 - 300 | 3 | | |
| 267 - 273 | 7 | 301 - 306 | 2 | | |

**1. Anuncio – UNA MÁQUINA EXPENDEDORA DE HUEVOS**

**(2 + 2) +2 + 2 mharc = 8 marc**

a. Dhá cheann díobh seo: bainne/ barraí seacláide/ brioscáin (sceallóga)/ uisce/ deochanna boga **(2 + 2 mharc)**

b. 30 ubh **(2 mharc)**

c. in Torremolinos, ar an trá. **(2 mharc)**

**2. Diálogo – ENTREVISTA CON AGATHA RUIZ DE LA PRADA, DISEÑADORA ESPAÑOLA**

**2 + 2 + (2+2) mharc = 8 marc**

a. teiripe mhaith **(2 mharc)**

b. daoine agus iad gléasta in éadaí dubha **(2 mharc)**

c. ina cuid siopaí agus ar líne/ar an idirlíon **(2 + 2 mharc)**

**3. Diálogo –Hablando con Antonio Banderas, actor famoso**

**4 + 4 + 4 mharc = 12 mharc**

a. san amharclann/ sna seomraí bia in ollscoil Mhalaga **(4 mharc)**

b. ag tús na nóchaidí **(4 mharc)**

c. **Ceann amháin** díobh seo: am a chaitheamh ar an tsráid/ ag comhrá/ ag dul amach ag siúl/ ag dul amach le haghaidh béilí **(4 mharc)**

**4. Descriptivo – FELIPE VI, REY DE ESPAÑA**

**4 + 4 + 4 + 4 mharc = 16 mharc**

a. Mí na Samhna anuraidh, 2014 **(4 mharc)**

b. 300 mac léinn **(4 mharc)**

c. **Ceann amháin** díobh seo: lámh a chroitheadh leis/ fáilte a chur roimhe/ labhairt leis **(4 mharc)**

d. **Ceann amháin** díobh seo: trí fhéinphiceanna / ghrianghraif a ghlacadh **(4 mharc)**

**5. Descriptivo – LAS TAPAS**

**4 + 4 + 4 + 4 mharc = 16 mharc**

a. **Ceann amháin** díobh seo: is cuid thábhachtach de chultúr bia na Spáinne iad, is greadóg iad, riartar iad i bhformhór na mbeár nó na mbialann sa Spáinn. **(4 mharc)**

b. **Dhá cheann** díobh seo: beoir agus fíon **(4 + 4 mharc)**

c. **Ceann amháin** díobh seo: dul amach le haghaidh tapas, dul ag gníomhaíochtaí sóisialta, scíth a ligean ón ngnáthamh laethúil **(4 mharc)**

**6. El Tiempo**

**4 + 4 + 4 mharc = 12 mharc**

a. ceathanna agus stoirmeacha scoite **(4 mharc)**

b. dóchúlacht fearthainne **(4 mharc)**

c. geolaí gaoithe aduaidh **(4 mharc)**

**7. Una Noticia – PROTESTAS CONTRA EL TURISMO DE BORRACHERA EN BARCELONA**

**8 + 6 + 8 + 6 mharc = 28 marc**

a. níos mó ná, dhá mhíle **(8 marc)**

b. chuig Halla an Bhaile **(6 mharc)**

c. grúpa páistí **(8 marc)**

d. **Ceann amháin** díobh seo: bíonn sé deacair scíth a ligean leis/ ní féidir leo codladh **(6 mharc)**

**8 + 8 + 12 + 16 + 16 + 12 + 28 = 100 marc**

# ROINN A (160 MARC)

## Ceist 1. ¿Hay demasiados deberes? (50 Marc)

Caithfear na freagraí uile a scríobh **sa Spáinnis.**

Is féidir glacadh le hathscríobh (**ábhartha** agus laistigh de theorainneacha réasúnta).

Ní thástáiltear ionramháil teanga.

Ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú. *Glactar le focail idir lúibíní le haghaidh marc iomlán ach níl siad riachtanach do fhreagra ceart.* Bainfear marc de dheasca focail bhreise neamhábhartha. *Léiríonn tulslais rogha freagraí a d'fhéadfadh a bheith i gceist.* Bronn 5 nó 0 marc ach amháin má luaitear a mhalairt.

(a) una pérdida de tiempo o un castigo inútil. **(5 mharc)**

(b) los deberes no les permiten pasar más tiempo con sus hijos (en el hogar familiar) **(5 mharc)**

(c) la disciplina, el esfuerzo y el aprendizaje independiente **(5 mharc)**

(d) son esenciales para completar el trabajo realizado en clase. **(5 mharc)**

(e) profesores particulares **(5 mharc)**

(f) Tener una habitación con suficiente luz y un ambiente tranquilo en casa **(5 mharc)**

(g) el móvil, la televisión y la radio **(5 mharc)**

(h) estaba haciendo los deberes de su hija de dieciocho años (buscándole un proyecto completo de geografía. **(5 mharc)**

(i) el estudiante se acostumbra a depender de otros para resolver sus dificultades y no desarrolla su capacidad de iniciativa **(5 mharc)**

(j) para limitar el tiempo que los estudiantes pasan haciendo los deberes **(5 mharc)**

## Ceist 2. James Rodríguez, la nueva estrella del Mundial (25 mharc)

(a) (i) an 12 Iúil 1991 Cúcuta, (ii) Cúcuta/an Cholóim **(3+2 mharc)**

(b) Ba é a scóráil an líon ba mhó cúl, 5 cinn **(5 mharc)**

(c) Thréig a athair an teaghlach nuair a bhí sé trí bliana d'aois **(5 mharc)**

(d) Phós sé Daniela (iníon le cúl báire fhoireann na Colóime) **(5 mharc)**

(e) is é an t-imreoir eachtrach is óige é a scóráil cúl i Sraithchomórtas na hAirgintíne, rud a rinne sé agus é 17 mbliana d'aois **(5 mharc)**

## Ceist 3. Campaña para salvar el olivo en Teruel (20 marc)

(a) Crann olóige a uchtú /Na crainn olóige a thabhairt slán/tairgeadh ola olóige. **(5 mharc)**

(b) Cuir an t-uchtú i gcrích/gabh chuig an suíomh gréasáin/íoc 49 euro/ coinnigh súil ar fhás an chrainn/glac grianghraif **(5 mharc)**

(c) Na buidéil ola olóige a tháirg do chrann. **(5 mharc)**

(d) Ionsúnn do chrann olóige CO2 ón atmaisféar. **(5 mharc)**

## Ceist 4. Los peligros de veranear en Ibiza (25 marc)

(a) Cuir na contúirtí a bhaineann le saoire a chaitheamh in Ibiza in iúl do thurasóirí óga eachtracha **(5 mharc)**

(b) Ná gabh abhaile leat féin san oíche/coinnigh súil ar do dheoch/ceannaigh árachas. **(5 mharc)**

(c) D'fhéadfá an oíche a chaitheamh sa phríosún **(5 mharc)**

(d) Ag léim ó bhalcán an óstáin isteach sa linn snámha **(5 mharc)**

(e) Bíonn droch-iomrá ar Ibiza thar lear dá bharr./Déanann sé áibhéil agus tá sé diúltach. **(5 mharc)**

## Ceist 5. Nicaragua (40 marc)

(a) **Dhá cheann** díobh seo: I gcroílár Mheiriceá Láir/ag roinnt teorann le Cósta Ríce ó dheas/ag roinnt teorann le Hondúras ó thuaidh. **(3+3 mharc)**

(b) Chloígh an Spáinn é. **(3 mharc)**

(c) **Trí cinn** díobh seo: Aeráid/comhshaol/daonra. **(3 + 3+ 3 mharc)**

(d) **Dhá cheann** díobh seo: bananaí/cadás/siúcra/arbhar **(3+3 mharc)**

(e) **Trí cinn** díobh seo: turasóirí/Meiriceánaigh/daoine muintire ag tabhairt cuairte ar a dteaghlach/lucht gnó **(3+3 + 3 mharc)**

(f) Tá sé níos tábhachtaí sa tuaisceart. **(3 mharc)**

(g) **Dhá cheann** díobh seo: Cur eolas ar phróiseas an chaife/marcaíocht ar chapaill/rothaíocht sléibhe/ Fánaíocht/breathnaigh ar na céadta speiceas ainmhithe agus plandaí andúchasacha. **(2 + 2 mharc)**

# ROINN B (60 MARC)

Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:

1. **Litir / R-phost** agus **ceann amháin de 2. (a) TEACHTAIREACHT nó 2. (b) IONTRÁIL DIALAINNE.**

**C. 1**. **LITIR:** **40 Marc**

Tá **cúig** 'theachtaireacht' le cur in iúl.
Ceadaigh **8** marc ar a mhéad do gach ceann díobh.
(Is féidir 0-8 marc a bhronnadh as gach teachtaireacht.)

**8 marc x 5 = 40 marc**

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht iomlán curtha in iúl go soiléir: | **8 marc** |
| Cur in iúl sásúil: | **6 mharc** |
| Cur in iúl dóthanach: | **5 mharc** |
| Tá an teachtaireacht sothuigthe / roinnt mionsonraí in easnamh: | **4 mharc** |
| Is féidir ciall éigin a bhaint aisti | **2 mharc** |

**C.2.(a) TEACHTAIREACHT** **C.2.(b)**IONTRÁIL DIALAINNE **20 Marc**

Na marcanna le roinnt ar an tslí chéanna i ngach cás.

Tá **ceithre** 'theachtaireacht' le cur in iúl. Ceadaigh **5** mharc ar a mhéad do gach ceann díobh.
(Is féidir 0-5 mharc a bhronnadh as gach 'teachtaireacht'.)

**5 mharc x 4 = 20 marc**

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht curtha in iúl go hiomlán: | **5 mharc** |
| 'Éirim' na teachtaireachta soiléir | **4 mharc** |
| Cuid den teachtaireacht sothuigthe | **3 mharc** |
| Is féidir ciall éigin a bhaint aisti | **2 mharc** |

Socruithe Réasúnta:
Ina gcás sin dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach: ní chuirtear na hasbhaintí thuas as struchtúir ghramadaí mhíchearta i bhfeidhm.
Ba chóir marcanna a bhronnadh as cur in iúl na teachtaireachta amháin mar atá leagtha amach thuas.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán